# Central Statistics Office
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**


## Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2002
## Imleabhar 7 - Oideachas agus Cáilíochtaí

**Níos mó oideachais ar na glúine is déanaí**

D'fhág beagnach leath de na daoine a rugadh sna 1930aidí an córas oideachais tar éis na bunscoile, i gcomparáid le 3% de na daoine a rugadh sna 1970aidí, a deir Daonáireamh 2002. Cuireadh oideachas tríú leibhéil ar bheagnach aon trian den ghlúin níos óige i gcomparáid le 12% den ghlúin ó na 1930aidí.

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2002 Imleabhar 7 – Oideachas agus Cáilíochtaí, a thugann tuilleadh mionthorthaí maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán 2002. Tá na figiúirí deireanacha daonra tugtha sa tuairisc rangaithe de réir an leibhéil is airde oideachais bainte amach, de réir na haoise ar cuireadh deireadh leis an oideachas lán-aimseartha agus de réir cáilíochtaí tríú leibhéil bainte amach do mhion chríochranna sa tír (féach nóta an Eagarthóra).

**Ardú i líon na mac léinn**

Tháinig ardú de 3.3% ar líon na mac léinn a bhí cúig bliana déag d'aois agus ós a chionn ó 340,000 sa bhliain 1996 go dtí 350,000 sa bhliain 2002. Bhí ós cionn 26% de dhaoine a bhí san aoisghrúpa 20-24 ag freastal ar oideachas lánaimseartha sa bhliain 2002 i gcomparáid le 21% sa bhliain 1996.

**Daonra níos foghlamtha**

Tháinig ardú ar an gcéatadán den daonra a bhí cúig bliana déag d'aois agus ós a chionn agus a raibh cáilíocht tríú leibhéil bainte amach acu ó 19% sa bhliain 1996 go dtí beagnach 25% sa bhliain 2002. 25% agus 30%, faoi seach, na céatadáin a bhain leis na daoine sa lucht oibre.

Sa bhliain 2002, bhí an céatadán b'airde céimithe tríú leibhéil i measc an daonra a raibh críoch curtha acu lena n-oideachas agus a bhí cúig bliana déag d'aois agus ós a chionn i Maigh Nuad (44%). I Mullach Íde (43%) a bhí an céatadán b'airde ina dhiaidh sin, le Órán Mór (40%) agus Na Clocha Liath (40%) ina dhiaidh sin.

Bhí céatadán níos airde céimithe i gceantair uirbeacha (29%) ná mar a bhí i gceantair tuaithe (19%).

**Leibhéal oideachais is lú bainte amach ag feirmeoirí agus ag oibrithe tógála**

Cuireadh bunoideachas amháin ar 34% d'oibrithe i rannóga na talmhaíochta, na hiascaireachta agus na foraoiseachta agus ar 27% d'oibrithe i rannóga na fíodóireachta, na n-éadaí agus an leathair a deir daonáireamh 2002. Mar chomparáid cuireadh oideachas tríú leibhéil ar 91% de mhúinteoirí i gcomparáid le 85% de na daoine i ngairmeacha cráifeacha agus 79% de na daoine i ngairmeacha eolaíochta agus teicneolaíochta.

Tuilleadh /...


*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
LoCall 1890 313 414
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
GlaoÁitúil 1890 313 414
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
Ríomhphost info@cso.ie

**Na heolaíochtaí sóisialta/cúrsaí gnó/dlí ar na hábhair is coitianta staidéir**

Bhí formhór na mac léinn ag plé leis na heolaíochtaí sóisialta/cúrsaí gnó/dlí (17.2%) agus ansin le leigheas/fiaclóireacht/altranas/seirbhísí sóisialta (12.1%). Bhí cáilíochtaí i níos mó ná ábhar amháin ag breis agus duine i ngach ochtar. Don chuid is mó bhí na céimithe fear ag plé le hinnealtóireacht/ailtireacht agus i measc na mban b'iad an leigheas/fiaclóireacht/altranas/seirbhísí sóisialta na hábhair ba mhó staidéir. Bhí níos mó céimithe fear, 7,500 níos mó acu, sa ríomhaireacht agus i dteicneolaíocht an eolais ná céimithe ban. (24,000 fir agus 16,500 mná).

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha, a foilsíodh ar an 15 Deireadh Fómhair 2003, ag leibhéal an Stáit ar shonraí ó Imleabhair 5 - 7, 9 - 10 agus 13 de na tuairiscí miona daonáirimh Cuireann foilseachán an lae inniu, Imleabhar 7, figiúirí ar fáil don oideachas agus do cháilíochtaí ag leibhéal níos mione geografaíochta.

Tá na táblaí foilsithe atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2002 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí a bhaineann leis na leibhéil seo a leanas ar fáil ar an suíomh idirlín amháin – Toghcheantar, Toghcheantar Áitiúil agus baile beag.

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh

nó

Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.00.

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6

Fiosrúcháin daonáirimh: (01) 498 4000 folíne. 4284-4288.
Facs: (01) 497 2360
Ríomh-phost: census@cso.ie
Idirlíon: http://www.cso.ie

*An Phríomhoifig Staidrimh* — *15ú Eanáir 2004*

**– CRÍOCH –**